Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7391/26**

**SOC 159**
**EMPL 69**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú don Fhrainc |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú don Fhrainc**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 28 Márta 2023[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Lucile CASTEX-CHAUVE a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Fraince don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) (IO C 116, 31.3.2023, lch. 23).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar François BRILLANCEAU ina chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú in ionad Lucile CASTEX-CHAUVE, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., ....

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*